

An Scoil Lán Ghaeilge agus an Tumoideachas

Scoil Lán-Ghaeilge.

(a) Is scoil lán-Ghaeilge í an scoil arb í an Ghaeilge -

- teanga 1 na scoile
- teanga ghnó agus chumarsáide na scoile
- teanga theagaisc agus fhoghlamtha i ngach ábhar seachas Béarla
- teanga chaidrimh idir múinteoirí iad féin
- teanga chaidrimh idir múinteoirí agus na daltaí
- teanga chaidrimh idir na daltaí féin agus

i ngach rud a bhaineann le saol na scoile taobh istigh ní taobh amuigh den scoil.

(b) Labhrófar an Ghaeilge i gconaí sa scoil, sa chlós, ar an mbus scoile, ar thurais scoile agus le linn imeachtaí iar-scoile.

An Tumoideachas

Is é an tumoideachas an córas oideachais a chuirtear i bhfeidhm i Scoil Neasáin. Ciallaíonn sé seo go dtumtar na gasúir go hiomlán sa Ghaeilge nuair a thagann siad isteach sna Naíonáin Shóisir. 'Sí an Ghaeilge amháin a labhraíonn an múinteoir leis na gasúir ón gcéad lá ar scoil. Tá sealbhú na teanga an-tábhachtach do thodhchaí an pháiste sa scoil agus nuair a thumtar go hiomlán sa Ghaeilge iad sea is túsce a bhaintear amach líofacht teanga.

Tá an tumoideachas iomlán aitheanta ar fud an domhain mar an córas is éifeachtaí chun an dara teanga a mhúineadh / a shealbhú i suíomh scolaíochta.¹

Tá cinneadh déanta ag Bord Bainistíochta Scoil Neasáin gur Gaeilge amháin a labhraítear le Naíonáin Shóisir agus gur i Rang na Naíonán Sinsir a thosaítear ar mhúineadh an Bhéarla.

Ón gcéad lá cloiseann an páiste Gaeilge timpeall air / uirthi, agus ansin trí spreagadh na timpeallachta agus stiúir an mhúinteora tagann siad ar thuiscint teanga. Bíonn tréimhse thostach ann nuair a thuigeann siad a bhfuil á rá leo ach nach dtáirgeann siad féin an teanga. De réir a chéile agus de réir mar a bhíonn gá acu léi, forbraíonn an teanga, ainmfhocail i saol an pháiste ar dtús, frásaí beaga nó gur féidir leo bheith ag cumarsáid as Gaeilge. Faoi dheireadh na Naíonán Sóisir bheifí ag súil gur i nGaeilge amháin a mbeadh na gasúir ag cumarsáid leis an múinteoir agus tús maith curtha acu le cumarsáid eatarthu féin trí mheán na Gaeilge.

Tógtar ar an dul chun cinn seo i rang na Naíonán Sinsir áit a mbítear ag súil le Gaeilge don chuid is mó. Is sa chlós a thagann an dúshlán is mó ó thaobh na Naíonán Sinsir de.

Faoi Rang 1 i Scoil Neasáin bítear ag súil gurb í an Ghaeilge an teanga a bhíonn in úsáid ag na gasúir **an t-am ar fad** ach amháin le linn an ranga Béarla.

Tuigeann na gasúir gurb í an Ghaeilge teanga chumarsáide na scoile agus gurb í an Ghaeilge an teanga a labhraíonn an múinteoir i gconaí.

Tús na Litearthachta

Déantar na scileanna réamhléitheoireachta, réamhscríbhneoireachta agus scileanna réamh-mhata go hiomlán trí Ghaeilge i rang na Naíonán Sóisear. Tarlaíonn go leor trasnaíl ó theanga go teanga anseo agus baintear amach spriocanna an dá theanga (Béarla agus Gaeilge) ag an leibhéal seo mar atá leagtha amach ag an gCuraclam Bunscoile Athbheithnithe.

De réir an taighde idirnáisiúnta moltar tús a chur le léitheoireacht i T1 na scoile. Is mar sin a déantar i Scoil Neasáin é.

I rang na Naíonán Sinsir tosaítear ar an léitheoireacht don chéad uair. Is sa Ghaeilge a thosaítear ar an léitheoireacht. I ndiaidh na Nollag i rang na Naíonán Sinsir a thosaítear ar léitheoireacht an Bhéarla, déantar réamhscileanna na léitheoireachta sa Bhéarla a threisiú ag an am seo, déantar foghraíocht, réamhscríbhneoireacht, agus obair ó bhéal le rang na Naíonán Sinsir.

Ó Rang 1 go Rang a 6 tógtar ar obair na naíonáin.

Bíonn tréimhse áirithe i Rang 1 agus 2 a mbíonn próifíl inniúlachta an ranga taobh thiar den phroifíl lena mbeifí ag súil léi ach tagann sin ina cheart i ranganna 3 agus 4. Tarlaíonn seo le litriú níos mó ná leis an léitheoireacht agus cuirtear tuismitheoirí ar a eolas maidir le bealaí inar féidir leo cuidiú lena bpáistí má cheapann an scoil gur gá. Níl taighde ar leith déanta ar inniúlacht ghasúir Ghaelscoileanna i léitheoireacht na Gaeilge agus an Bhéarla i gcomparáid lena chéile, rud a bheadh cabhrach amach anseo.

Múinteoireacht

- (a) Déanfar na scileanna réamhléitheoireachta, réamhscríobhneoireachta agus scileanna réamh-mhata go hiomlán trí Ghaeilge. Tosnóidh léitheoireacht i dTeanga na scoile ar dtús mar atá leagtha síos ag an gCuraclam Athbheithnithe. Múintear gach ábhar ar chlár na bunscoile trí mheán na Gaeilge ach amháin an Béarla. I Rang 6 tugtar téarmaíocht Bhéarla sa mhata do na gasúir á n-ullmhú do théascanna meánscoile.
- (b) Is trí mheán na Gaeilge amháin a thabharfar gach míniú, soiléiriú agus sainmhíniú focal, téarmaí agus srl., i ngach ábhar ach amháin i gcás an Bhéarla. Úsáidtear leabhar mata meabhrach as Béarla le ranganna 3 - 6. Cabhraíonn sé seo le tuiscint ar théarmaíocht an mhata.
- (c) Sa chás go mbíonn daltaí na scoile á n-ullmhú i gcóir na Sacraimintí tá sé intuigthe gur trí mheán na Gaeilge amháin a dhéanfar an t-ullmhúchán seo agus gur trí Ghaeilge a chuirfear searmanais ar fáil ar an lá.
- (d) Glactar leis gur as Gaeilge a dhéanfaidh an múinteoir Tacaíocht Foghlamtha agus an múinteoir Achmhainne a gcuid oibre ar fad ach amháin nuair a bhíonn obair Bhéarla ar siúl.

Cumarsáid

- (a) Is é polasaí na scoile gurb í an Ghaeilge an teanga chumarsáide idir na daltaí i gcónaí i gclós na scoile. Déantar gach iarracht foclaír an chlóis a mhúineadh do na daltaí go luath tar éis dóibh tosnú ar scoil agus chun sin a chinntiú déantar dul ar siar ar an bhfoclaír seo ag tús gach téarma nua.
- (b) Is trí dhea-shampla agus trí dhea-chleachtas a ghlacfaidh na daltaí le polasaí na Gaeilge i Scoil Neasáin. Mar sin, beidh múinteoirí uile na scoile le cloisint ag úsáid na Gaeilge i ngach gné den lá scoile taobh istigh agus taobh amuigh don seomra ranga, eatharthu féin, le páistí agus le haon duine fásta eile a thagann chun na scoile.

Riarachán Scoile

- (a) Tá sé inmholta go mbeadh Gaeilge líofa ag foireann thacaíochta na scoile. Labhróidh sé/sí an Ghaeilge le páistí agus le múinteoirí agus i gcás na dtuistí labhróidh sé/sí Gaeilge leo chomh fada agus is féidir. Beifear ag súil go mbeadh Gaeilge ag cúntóirí ranga agus go labhróidh siad Gaeilge le páistí, múinteoirí, tuistí agus eatharthu féin. I gcás nach bhfuil Gaeilge ar a dtoil acu, ní labhróidh siad Béarla os comhair na ndaltaí. Is cuid d'fhoireann na scoile gach fostaí sa scoil agus tá dualgas orthu an Ghaeilge a úsáid agus gan spiorad sainiúil na scoile a shárú, a ísliú nó a dhísbheagadh in aon slí.
- (b) Cuirfear fógraí agus nótaí ar fáil go dátheangach i rith na scoilbhlaina.
- (c) Cuirfidh an Bord Bainistíochta in iul do chuairoteoirí ar ghnó oifigiúil chuig an scoil go teastaíonn ón scoil go mbeadh Gaeilge ag na cuairteoirí seo, nó go ndéanfaidís fíor-iarracht pé Gaeilge atá acu a úsáid le linn a gcuaiрте.

Tuismitheoirí / Caomhnóirí

- (a) Tá ról an-thábhachtach ag tuismitheoirí maidir le dearcadh dearfach i leith na Gaeilge a léiriú dá bpáistí.
- (b) Sula gclárófar aon pháiste mar dhalta sa scoil iarrfar ar na tuistí / caomhnóirí conradh a shíniú : ag glacadh le Cód Iompair na scoile áit a bhfuil meas ar an nGaeilge an-lárnach.
- (c) Seo roinnt bealaí gur féidir le tuistí cabhrú agus tacú le hobair na scoile :
- Feabhas a chur ar a gcuid Gaeilge tré fhreastal ar ranganna.
 - An Ghaeilge a labhairt i gcónaí i dtimpeallacht na scoile, ag teacht chun na scoile agus ag bailiu na bpáistí ach go háirithe.
 - Na páistí a spreagadh an Ghaeilge a labhairt eatharthu féin, sa bhaile, sa charr, ar an nguthán lena chéile, ag cóisir agus ag imeachtaí iar-scoile.
 - Labhairt go minic leis na páistí faoi na cúiseanna gur roghaíodh scoil lán-Ghaeilge dóibh agus na buntáistí atá léi.
 - Tacaíocht a thabhairt do riail na Gaeilge sa scoil.
 - An Ghaeilge a úsáid am ar bith gur féidir - Cuirí Breithlá, cártaí Breithlá, Nollag agus buíochais.
 - Feidhmeoidh Coiste na dTuistí trí mhéan na Gaeilge chomh fada agus is féidir.
 - Ba cheart don Ghaeilge a bheith ina teanga chumarsáide, ghnó agus shóisialta idir na tuismitheoirí chomh fada agus is féidir, i dtimpeallacht na scoile.

Gaeloideas

Bíonn gach tuismitheoir sa scoil ina bhall do Ghaeloideas. 'Siad Gaeloideas iontaobhaithe na scoile agus is iad a ainmníonn Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta. Reáchtáiltear gnó Ghaeloidis trí mheán na Gaeilge. Tá ról ag Gaeloideas maidir le cur chun cinn na Gaeilge taobh amuigh den seomra ranga.

An Bord Bainistíochta

- (a) Feidhmeoidh an Bord Bainistíochta tré mhéan na Gaeilge.
- (b) Ba cheart don Bhord, don Phríomhoide, don fhoireann scoile agus do na tuistí a ról a ghlacadh ag cinntiú go gcloítear leis an bPolasaí Gaeilge.
- (c) Déanfar cumarsáid leis An Roinn Oideachais agus Eolaíochta, An Roinn Sláinte, An Chomhairle Chontae srl. trí Ghaeilge.
- (d) Luafar forbairt agus fás na Gaeilge le ceann amháin de na postanna um Dhualgaisí Speisialta. Beidh sé mar chúram ar an múinteoir seo i dteannta leis an bPríomhoide agus an mBord Bainistíochta agus i gcomhairle leis an bhfoireann uile plean a dhréachtadh agus a chur faoi bhráid an Bhoird. Déanfar athbreithniú ar an bplean seo go rialta.
- (e) Aon Mhúinteoir nach bhfuil cruinneas sásúil Gaeilge aige/aici a chur ar chúrsa le feabhas a chur ar labhairt agus scríobh na Gaeilge (Cruinneas).

Páistí ag aistriú isteach sa chóras

De réir an pholasaí iontrála ní mholtar páistí a aistriú isteach sa Ghaelscoil tar éis Rang 2 ach sa chás go mbíonn siad ag aistriú ó Ghaelscoil eile.

Dearbhaíonn an Bord Bainistíochta gur féidir le páistí aistriú chuig an scoil ag am ar bith ó scoil eile de réir pholasaí na scoile mar atá mínithe in *Eolas Ginearálta*, de réir pholasaí an Bhoird Bainistíochta agus de réir choinníolacha áirithe.

- an spás a bheith ar fáil i rang áirithe,
- cumas Gaeilge an pháiste. Ní mór a thógáil san áireamh ar fhreastail an pháiste ar Ghaelscoil eile roimhe nó an bhfuil an Ghaeilge ar a dtail acu. Ní mholtar go hiondúil páiste a chur isteach i rang níos airde ná rang 2 muna bhfuil taithí acu ar an nGaeilge a úsáid mar theanga chumarsáide roimhe seo.
- i gcásanna áirithe le cead na Roinne Oideachais agus Eolaíochta.

Rianáinn an tAcht Leas Oideachais 2000 coinníollacha maidir le haistriú páistí. De réir an Achta is den riachtanas é go seolfaí eolas faoi thinreamh agus dul chun cinn oideachasúil páiste ó scoil amháin go scoil eile."

Labhairt na Gaeilge i measc na bPáistí féin

Mar a luadh thuas bítear ag súil gur trí mheán na Gaeilge a dhéanfaidh na gasúir cumarsáid lena chéile an t-am ar fad.

Beidh an Ghaeilge á labhairt i gcónaí. Beidh sí á labhairt ag daltaí na scoile sa scoil féin, sa chlós, ar an mbus scoile, ar thuarasanna agus le linn imeachtaí iarscoile.ⁱⁱⁱ

Sa chás go saraítear an ghné seo den chód cuirfear bileog Béarlóireachta abhaile ag míniú do thuismitheoirí nach bhfuil an páiste toilteannach Gaeilge a labhairt i dtimpeallacht na scoile. Iarrtar ar thuismitheoirí an cás a phlé leis an bpáiste ag leagan béime ar na cúiseanna gur roghnaíodh scoil lán-Ghaeilge dóibh an chéad lá riamh.

Iarrtar ar thuismitheoirí an bhileog a shíniú agus a chur ar ais ag an múinteoir.

Sa chás go mbíonn fadhb leanúnach ag páiste ar bith le labhairt na Gaeilge sa scoil pléifear oiriúnacht na scoile don pháiste le thuismitheoirí / caomhnóirí.

ⁱ Ár bPolasaí Gaeilge: Gaelscoileanna Teo.

ⁱⁱ Polasaí Iontrála Scoil Neasáin

ⁱⁱⁱ Cód Iompair Scoil Neasáin 3.1